# Cad a dhéanann féarthailte a bhfuil saibhreas nádúir iontu dúinn?

Is éard atá i bhféarthailte ar mhórán nádúir goirt a ndéantar feirmeoireacht orthu, ach nár athraíodh go rómhór leis an talmhaíocht. Os a choinne sin, bainistítear iad ar dhéine íseal, mar shampla, leibhéil ísle ionchuir ar nós leasachán á úsáid. Tugtar 'féarthailte leathnádúrtha' orthu freisin.

## 1. Bia do bheostoc, agus do dhaoine!

Le féarthailte a bhfuil saibhreas nádúir iontu, cuirtear bia éagsúil cothaitheach ar fáil dár mbeostoc, mar shampla, d'eallach agus do chaoraigh. Ar an gcaoi sin, tá baint acu le bia sláintiúil a tháirgeadh dúinne freisin.

Ní fios go baileach cá mhéad féarthailte ar mhórán nádúir atá fágtha in Éirinn. I Sasana, meastar gur cailleadh 97%, agus is dócha go bhféadfadh an figiúr a bheith mar an gcéanna anseo.

## 2. Baile don nádúr

Le féarthailte ar mhórán nádúir, cuirtear foscadh agus bia ar fáil d'inveirteabraigh, do mhamaigh bheaga agus d'éin. Is baile ríthábhachtach iad d'iomaí cineál fiadhúlra agus don bhithéagsúlacht.

Tá an-chuid speicis neamhchoitianta agus atá ag dul i léig ag brath go hiomlán, nach mór, ar fhéarthailte agus ar ghnáthóga oscailte eile, agus cuimsítear leo ainmhithe, ar nós éan agus féileacán, mar aon le plandaí.

## 3. Áilleacht agus aoibhneas

Tá féarthailte a bhfuil saibhreas nádúir iontu, atá ag cur thar maoil le speicis, go hálainn agus tugann siad aoibhneas agus folláine dúinn. Is féidir leo tacú leis an turasóireacht freisin.

Tá féarthailte i measc na ngnáthóg is éagsúla atá againn. Le suirbhéanna a rinneadh le déanaí in Éirinn, fuarthas 40 speiceas planda ar an meán i bplásóga 2x2m i bhféarthailte cailcreacha, agus suas le 73 speiceas i bplásóga áirithe!

## 4. Luach intreach

Creideann an-chuid daoine go bhfuil luach intreach ag gach gnáthóg agus speiceas, taobh amuigh den mhéid a dhéanann siad dúinn!

Tá baint ag an-chuid logainmneacha in Éirinn le féarthailte, amhail…

- Cluain – a chiallaíonn móinéar (a fheictear i bhfoirm 'clon' / 'cloon' go minic)
- Páirc – a úsáidtear chun brí an-chuid cineálacha goirt a chur in iúl
- Faiche – a chiallaíonn plásóg, a úsáidtear go minic le haghaidh spóirt nó pobail (a fheictear i bhfoirm 'faha' go minic)
- Achadh – a úsáidtear go forleathan le haghaidh páirc (a fheictear i bhfoirm 'agha-' nó a leithéid go minic)

A bhuí le Manchán Magan (2020) 'Thirty-Two Words for Field' agus Deirdre Flanagan & Laurence Flanagan (1994) 'Irish Place Names'

## 5. Uisce

Scagann féarthailte sláintiúla a bhfuil ithreacha sláintiúla acu an t-uisce, rud a chuidíonn le haibhneacha agus sruthanna glana a chinntiú dúinn. Stórálann siad uisce freisin tráth a bhíonn báisteach throm, rud a chuidíonn le cúiteamh a dhéanamh ar thuile.

## 6. Ithreacha

Bíonn ithreacha sláintiúla éagsúla ag féarthailte sláintiúla éagsúla. Ní dhéantar treabhadh ar na féarthailte faoi mhórán nádúir is fearr. Nuair a bhíonn ithreacha ag feidhmiú go maith, tacaíonn siad leis an iliomad miocrorgánach, cuidíonn siad le fás plandaí agus, níos tábhachtaí anois ná riamh, stórálann siad carbón.

Nuair a dhíghrádaítear féarthailte ó thaobh an nádúir de le leasachán agus le hathshíolú, seans go dtairgfidh siad níos mó bia, ach beidh siad thíos leis i réimsí eile, mar shampla, an tacú le nádúr agus stóráil carbóin.

www.GreatIrishGrasslands.ie

Great Irish Grasslands

NPWS
An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
National Parks and Wildlife Service